Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2023
(OR. en)

9367/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0161(NLE)**

ECOFIN 435
FIN 528
UEM 99

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Eastóin an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta ('RRP') a chur isteach an 18 Meitheamh 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 29 Deireadh Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021')[1].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 9 Márta 2023, chuir an Eastóin RRP modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) Cuireann RRP náisiúnta modhnaithe san áireamh freisin an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis iarraidh réasúnaithe don Choimisiún an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 lena meastar nach féidir RRP a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla go páirteach. Na modhnuithe ar RRP a chuir an Eastóin isteach, baineann siad le 22 bheart.

---

[1] Féach doiciméid ST 12532/21 INIT agus ST 12532/21 ADD 1 ar http://register.consilium.europa.eu.

(5) An 12 Iúil 2022, chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na hEastóine i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle don Eastóin a hinfheistíocht phoiblí a leathnú chun an t-aistriú glas agus digiteach agus an tslándáil fuinnimh a chumhdach, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta arna bunú ag Rialachán (AE) 2021/241 (an 'tSaoráid'), REPowerEU agus cistí an Aontais eile. Ina theannta sin mhol an Chomhairle an chosaint shóisialta a láidriú, lena n-áirítear trí chumhdach na sochar dífhostaíochta a leathnú, go háirithe chun daoine a bhíonn i mbun gearrthréimhsí oibre agus cineálacha neamhchaighdeánacha oibre a chumhdach. Ina theannta sin mhol sí feabhas a chur ar inacmhainneacht agus cáilíocht an chúraim sláinte fhadtéarmaigh, go háirithe trína áirithiú go bhfuil maoiniú inbhuanaithe ann dó, agus trí sheirbhísí sláinte agus sóisialta a chomhtháthú. Thairis sin, mhol an Chomhairle don Eastóin an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú, agus allmhairí na mbreoslaí iontaise a éagsúlú trí dhlús a chur le húsáid na bhfoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear trí nósanna imeachta um cheadúnú a chuíchóiriú a thuilleadh, acmhainneacht leordhóthanach na n-idirnasc a áirithiú, agus an líonra leictreachais náisiúnta a neartú. Mhol an Chomhairle don Eastóin cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear foirgnimh, chun an tomhaltas fuinnimh a laghdú. Ina theannta sin, d'iarr an Chomhairle ar an Eastóin na hiarrachtaí maidir le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an chórais iompair a threisiú, lena n-áirítear trí leictriú an ghréasáin iarnróid agus trí dhreasachtaí a mhéadú chun iompar inbhuanaithe a spreagadh ar lú an truailliú a bhaineann leis, lena n-áirítear athnuachan an stoic feithiclí bóthair. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí tír-shonracha ó 2019, 2020 agus 2021 tráth a cuireadh RRP náisiúnta modhnaithe isteach, measann an Coimisiún go bhfuil dul chun cinn éigin bainte amach maidir leis an moladh an chosaint shóisialta a neartú. Baineadh dul chun cinn teoranta amach maidir leis an moladh neamhspleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

(6) Cuireadh isteach RRP modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an t-achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht le RRP náisiúnta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas RRP mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241

(7) Le RRP modhnaithe a chuir an Eastóin isteach baintear trí bheart chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh an Eastóin nach féidir na bearta uile atá in RRP bunaidh na hEastóine a mhaoiniú a thuilleadh, toisc gur laghdaíodh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Eastóin ó EUR 969 299 213[1] go dtí EUR 863 271 631[2]. Mhínigh an Eastóin gur cheart bearta áirithe a bhaint de bharr an laghdaithe sa leithdháileadh agus i bhfianaise na méaduithe ar chostais agus suaití sa slabhra soláthair a dhéanann difear do chur chun feidhme na mbeart sin.

---

[1] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hEastóine de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht a leagtar amach Airteagal 11 den Rialachán sin.

[2] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hEastóine de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

(8) Níl bearta áirithe in RRP modhnaithe a thuilleadh faoi chomhchuid 5 (iompar inbhuanaithe) agus faoi chomhchuid 6 (cúram sláinte agus cosaint shóisialta). Baineann sé sin le beart 5.2 (infheistíocht: Tógáil cuid d'iarnród siar Thaillinn-Rohuküla), beart 5.3 (infheistíocht: Tógáil chomhchríochfort ilmhódach Rail Batic i dTaillinn) agus beart 6.5 (infheistíocht: Fothú acmhainneachta do héileacaptair mhíochaine ilchuspóireacha). Is éard atá i gceist le beart 5.2 cuid den iarnród siar Tallinn-Rohuküla a thógáil. Is éard atá i gceist le beart 5.3 críochfort comhpháirteach ilmhódach Rail Baltica a thógáil i dTaillinn, cuid de thionscadal úrnua bonneagair iompair d'iarnród atá mar chuid de Chonair na Mara Thuaidh - Mhuir Bhailt na nGréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T). Is éard atá i gceist le beart 6.5 dhá héileacaptar leighis ilfheidhmeacha a cheannach, lena n-áirítear trealamh coimhdeach, soláthairtí cothabhála agus oiliúint tosaigh na foirne is gá chun na héileacaptair a oibriú, chomh maith le bunáit tuirlingthe agus suíomhanna tuirlingthe a thógáil ag ionaid leighis éigeandála. Dá bhrí sin ba cheart an tuairisc ar na bearta sin agus na garspriocanna agus na spriocanna gaolmhara ó Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(9) Na leasuithe ar RRP a chuir an Eastóin isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 19 mbeart.

(10) Mhínigh an Eastóin go bhfuil dhá bheart ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar impleachtaí fhogha na Rúise faoin Úcráin. Mar thoradh ar an bhfogha sin, beartaíodh buncar (urlár faoin talamh) a chur leis an otharlann a raibh sé beartaithe í a thógáil faoi bheart 6.2 (infheistíocht: Campas Leighis Thuaisceart na hEastóine a bhunú). Dá gcuirfí an buncar sin leis an obair tógála thiocfadh méadú ar na costais, sa bhreis ar na costais a eascraíonn as an mboilsciú ard agus as an suaitheadh sna slabhraí soláthair, agus chuirfí moill ar na hoibreacha tógála níos faide ná 2026. Sa bhreis air sin, tá i gceist leis Campas Leighis Thuaisceart na hEastóine a bhaint. Baineann an méid sin, faoi seach, le garspriocanna agus spriocanna a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 99 go dtí 105 de bheart 6.2 (infheistíocht: Campas Leighis Thuaisceart na hEastóine a bhunú) ag gabháil leo. Thairis sin, mhínigh an Eastóin go raibh gá le hainm na garsprice a bhfuil an uimhir sheicheamhach 94 de bheart 6.1 (athchóiriú: Athrú cuimsitheach ar eagrú an chúraim sláinte san Eastóin) faoi chomhchuid 6 (Cúram sláinte agus cosaint shóisialta) ag gabháil léi a mhodhnú, toisc nár ghá a thuilleadh an reachtaíocht ábhartha a mhodhnú chun an Campas a áireamh sa liosta otharlann, ós rud é gur baineadh Campas Leighis Thuaisceart na hÉireann. Ina theannta sin, mhínigh an Eastóin nach féidir gnéithe uile na garsprice a bhfuil an uimhir sheicheamhach 96 den bheart céanna 6.1 (athchóiriú: Athrú cuimsitheach ar eagrú an chúraim sláinte san Eastóin) ag gabháil léi faoi chomhchuid 6 (Cúram sláinte agus cosaint shóisialta) a bhaint amach laistigh den amlíne tháscach. Is é is cúis leis an moill gur gá tosaíocht a thabhairt don obair reachtach agus treoir a eisiúint d’altraí a thug tacaíocht do dhídeanaithe ón Úcráin agus nach mbaineann ach le córas nua aisíocaíochta a bhunú d’altraí.

Ní dhéanann an mhoill sin difear do na leasuithe ar an gcóras aisíocaíochta do dhochtúirí agus do chógaiseoirí. Dá bhrí sin, tá an gharsprioc a bhfuil an uimhir sheicheamhach 96 ag gabháil léi roinnte ina dhá gharsprioc agus tá bunú an chórais aisíocaíochta d'altraí curtha siar go R2 2024. Ar an mbonn sin, d'iarr an Eastóin dhá gharsprioc i mbeart 6.1 a leasú agus na garspriocanna agus na spriocanna thuasluaite i mbeart 6.2 a bhaint. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair a leasú dá réir.

(11) Mhínigh an Eastóin go bhfuil trí bheart ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh ar an gcostas a mheastar in RRP bunaidh toisc go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chostais mheasta na mbeart i ngeall ar bhoilsciú ard agus ar shuaitheadh sa slabhra soláthair. Bhí an boilsciú ard le linn 2022 agus bhain sé a bhuaicphointe amach i mí Lúnasa 2022; tháinig méadú 25.2 % ar an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí i gcomparáid le mí Lúnasa 2021. Is iad praghsanna fuinnimh is mó ba chúis leis an mboilsciú ard, agus tháinig méadú ar na praghsanna sin go háirithe de bharr fhogha na Rúise faoin Úcráin. Mar sin féin, tháinig méadú ar phraghsanna eile go mear freisin. Mar shampla, tháinig borradh suntasach faoin bhfás ar phraghsanna tógála in 2021 i ngeall ar shuaití sa soláthar ábhar foirgníochta go príomha, agus tháinig borradh níos mó arís faoin bhfás ar phraghsanna sna chéad ráithí de 2022 mar gheall ar ghanntanais ábhar tógála agus lucht saothair i ndáil le fogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dar leis an Eastóin, d'fhág sé sin nárbh fhéidir infheistíochtaí áirithe ar mhórscála a fháil a bhí san áireamh in RRP bunaidh ag na praghsanna a tuaradh in 2020.

Baineann sé sin le garspriocanna agus spriocanna a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 74 agus 75 de bheart 4.5 (infheistíocht: Clár chun an eangach leictreachais a neartú chun acmhainneacht táirgeachta fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus a chur in oiriúint don athrú aeráide (amhail cosaint ar stoirmeacha)) ag gabháil leo, garspriocanna agus spriocanna a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 76 agus 77 de bheart 4.6 (infheistíocht: Clár chun borradh a chur faoi tháirgeadh fuinnimh i limistéir thionsclaíocha) ag gabháil leo agus garspriocanna agus spriocanna a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 78 agus 79 de bheart 4.7 (infheistíocht: Clár Píolótach Stórála Fuinnimh) ag gabháil leo faoi chomhchuid 4 (Fuinneamh agus éifeachtúlacht fuinnimh). Ar an mbonn sin, in ionad cuspóirí na spriocanna comhfhreagracha a laghdú i gcomparáid le RRP bunaidh, choinnigh an Eastóin na bearta sin in RRP trína gcostais mheasta mhéadaithe a chúiteamh trí acmhainní arna saoradh trí bhearta eile a bhaint faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241. Níl aon athrú ar an tuairisc ar na bearta sin ná ar na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann leo.

(12) Mhínigh an Eastóin go bhfuil beart amháin ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne ná ar na costais a mheastar in RRP bunaidh toisc go bhfuil moill ar na hoibreacha tógála agus méadú suntasach tagtha ar chostais na mbeart i ngeall ar bhoilsciú ard agus ar shuaitheadh sa slabhra soláthair. Baineann sé sin leis an sprioc a bhfuil an uimhir sheicheamhach 91 de bheart 5.4 (infheistíocht: Líne tram Sean-Chalafort Thaillinn a thógáil) ag gabháil léi faoi chomhpháirt 5 (Iompar inbhuanaithe). Ar an mbonn sin, d’iarr an Eastóin síneadh a chur leis an amlíne cur chun feidhme agus úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí bhearta eile a bhaint faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 chun méaduithe ar phraghsanna na dtrí bheart sin a chumhdach. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(13) Mhínigh an Eastóin go bhfuil dhá bheart ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar ardú suntasach ar chostais phá agus ar ghanntanais lucht saothair san earnáil TF. Baineann sé sin leis an sprioc a bhfuil an uimhir sheicheamhach 6 de bheart 1.2 (infheistíocht: An ríomhthógáil a fhorbairt) ag gabháil léi agus na spriocanna a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 8 agus 9 de bheart 1.3 (infheistíocht: Seirbhísí billí iompair dhigitigh a fhorbairt) ag gabháil leo faoi chomhchuid 1 (Claochlú digiteach na bhfiontar). Ar an mbonn sin, d'iarr an Eastóin spriocanna comhfhreagracha an dá bheart sin a laghdú, i gcomparáid le RRP bunaidh. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair a leasú dá réir.

(14) Mhínigh an Eastóin go bhfuil ceithre bheart ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh toisc go bhfuil moill ar chur chun feidhme na mbeart mar gheall ar shuaitheadh sa slabhra soláthair, fadhbanna gan choinne, moilleanna ar sholáthairtí agus ar nósanna imeachta. Baineann sé sin leis an sprioc a bhfuil an uimhir sheicheamhach 61 de bheart 3.8 (infheistíocht: Líonraí leathanbhanda fíor-ardacmhainne a thógáil) ag gabháil léi faoi chomhchuid 3 (Staid dhigiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Eastóin síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na sprice sin. I gcás infheistíochta amháin, i dteannta na gcúiseanna thuasluaite, mhínigh an Eastóin nach féidir an garsprioc a bhfuil an uimhir sheicheamhach 42 de bheart 2.7 (infheistíocht: Deiseanna a chruthú le haghaidh glacadh teicneolaíochtaí hidrigine glaise atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh) ag gabháil leis faoi chomhchuid 2 (Dlús a chur leis an aistriú glas i bhfiontair), nach féidir í a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne toisc go gcaithfidh an Eastóin a glao ar thograí a athdhearadh bunaithe ar ábhar deiridh an leasaithe ar Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine (GBER)[1], a formheasadh tar éis don Eastóin an glao bunaidh ar thograí a cheapadh.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh (IO L 187 26.6.2014, lch. 1)

Ar an mbonn sin, d'iarr an Eastóin síneadh a chur le hamlínte chur chun feidhme na garsprice sin. I gcás aon athchóiriú amháin agus aon infheistíocht amháin, sa bhreis ar na cúiseanna thuasluaite, cuireadh isteach ar an sreabhadh oibre riaracháin mar gheall ar an ngá atá ann na daoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin a lánpháirtiú go tapa. Baineann sé sin leis an sprioc a bhfuil an uimhir sheicheamhach 14 de bheart 1.4 (athchóiriú: Athchóiriú scileanna le haghaidh chlaochlú digiteach gnólachtaí) ag gabháil léi faoi chomhchuid 1 (An tAistriú Digiteach i bhfiontair) agus an sprioc a bhfuil an uimhir sheicheamhach 26 de bheart 2.2 (infheistíocht: Scileanna glasa chun tacú le haistriú glas na bhfiontar) ag gabháil léi faoi chomhchuid 2 (Dlús a chur leis an aistriú glas i bhfiontair). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Eastóin go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme an dá sprioc sin agus ainm an ardáin TF a athrú chun na gníomhaíochtaí oiliúna a bhaineann le beart 1.4 a chlárú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(15) Anuas air sin, d'iarr an Eastóin na hacmhainní atá fágtha a úsáid, acmhainní a saoradh trí bhearta a bhaint faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 chun uaillmhian dhá bheart a mhéadú agus chun cúig bheart nua a chur san áireamh in RRP modhnaithe. I gcás amháin, is i bhfoirm spriocanna méadaithe atá an uaillmhian mhéadaithe. Baineann sé sin leis na spriocanna a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 35 agus 36 de bheart 2.5 (infheistíocht: Teicneolaíochtaí glasa atá tíosach ar acmhainní a chur in úsáid) ag gabháil leo faoi chomhchuid 2 (Dlús a chur leis an aistriú glas i bhfiontair). Ar an mbonn sin, d'iarr an Eastóin na spriocanna thuasluaite a mhéadú. I gcás eile, is i bhfoirm sprioc bhreise atá an uaillmhian mhéadaithe. Baineann sé sin leis an sprioc a bhfuil an uimhir sheicheamhach 69a a de bheart 4.3 (infheistíocht: Tacaíocht d'athchóiriú foirgneamh beag cónaithe) ag gabháil leí faoi chomhchuid 4 (Fuinneamh agus éifeachtúlacht fuinnimh).

Ar an mbonn sin, d’iarr an Eastóin sprioc na mbeart sin a chur le RRP. Tá cúig bheart nua ann a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 43a, 43b agus 43c de bheart 2.8 (infheistíocht: Tacaíocht infheistíochta i slándáil an tsoláthair) ag gabháil leo faoi chomhchuid 2 (Dlús a chur leis an aistriú glas i bhfiontair), garspriocanna a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 80a, 80b agus 80c de bheart 4.8 (infheistíocht: Borradh a chur faoi fhorbairt feirmeacha gaoithe amach ón gcósta) ag gabháil leo faoi chomhchuid 4 (Fuinneamh agus éifeachtúlacht fuinnimh), garspriocanna agus spriocanna a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 84a agus 85a de bheart 5.2.a (infheistíocht: Soitheach oibre ilfheidhmeach) ag gabháil leo agus garspriocanna agus spriocanna a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 86a agus 87a de bheart 5.3 (infheistíocht: Tarbhealaí Rail Baltica a thógáil) ag gabháil leo faoi chomhchuid 5 (Iompar inbhuanaithe) agus garspriocanna agus spriocanna a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 99a agus 100a de bheart 6.2 (Tógáil TERVIKUM) ag gabháil leo faoi chomhchuid 6 (Cúram Sláinte agus cosaint shóisialta). Ar an mbonn sin, d’iarr an Eastóin garspriocanna agus spriocanna na gcúig bheart sin a chur le RRP. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(16) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Eastóin, go bhfuil údar maith leis an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán sin.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

(17) Sainaithníodh earráid chléireachais amháin i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 lena ndéantar difear do dhá sprioc in aon bheart amháin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú chun an earráid chléireachais sin a cheartú, earráid nach léiríonn ábhar RRP a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 18 Meitheamh 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Eastóin. Baineann an earráid chléireachais sin le spriocanna a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 39 go 40 de bheart 2.6 (infheistíocht: an Ciste Glas) ag gabháil leo faoi chomhchuid 2 (Dlús a Chur Leis an Aistriú Glas i bhFiontair). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme an bhirt lena mbaineann.

Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241

(18) I gcaibidil REPowerEU tá athchóiriú méadaithe amháin agus dhá infheistíocht nua. Is é is aidhm d'athchóiriú 8.1 úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a éascú. Go háirithe, ag forbairt ar athchóiriú 4.4 sainaithneofar san athchóiriú limistéir oiriúnacha chun fuinneamh gaoithe a chur in úsáid, cuíchóiriú a dhéanamh ar an gcreat ceadaithe do thionscadail fuinnimh in-athnuaite ag díriú ar fhuinneamh gaoithe agus acmhainneacht a fhorbairt sna húdaráis cheadaithe. Is é is aidhm d'infheistíocht 8.2 acmhainneacht an líonra dáileacháin leictreachais a mhéadú chun rochtain saoráidí táirgthe fuinnimh in-athnuaite ar an líonra a mhéadú. Tá dhá aidhm ag infheistíocht 8.3. Ar an gcéad dul síos, is é is aidhm di na dálaí rialála, eagraíochtúla agus airgeadais is gá a chruthú chun táirgeadh agus úsáid bithgháis inbhuanaithe agus bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú.

Ar an dara dul síos, is é is aidhm d'infheistíocht 8.3 an acmhainneacht shuiteáilte maidir le táirgeadh an bhithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú. Ba cheart rannchuidiú bhearta REPowerEU maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid a bheith ina chuidiú chun ganntanais soláthair fuinnimh a shárú agus, dá bhrí sin, an baol go mbeidh praghsanna arda fuinnimh ann a laghdú. Ba cheart go rachadh sé sin chun tairbhe na dtomhaltóirí uile, lena n-áirítear na tomhaltóirí is leochailí. Tuairiscíodh go bhfuil an Eastóin ag úsáid acmhainní óna buiséad náisiúnta freisin chun bearta spriocdhírithe a mhaoiniú lena dtugtar aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh.

(19) Rinne an Coimisiún measúnú ar RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán 2021/241.

Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá in RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(21) Measann an Coimisiún nach mbeidh tionchar ag modhnú RRP mar aon le caibidil REPowerEU ach ar an measúnú ar rannchuidiú RRP leis an gcéad cholún maidir leis an aistriú glas. Maidir leis na colúin eile, ní bhíonn tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar RRP ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar RRP arb ionann é cuid mhór agus freagairt chuimsitheach agus chothromaithe ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, agus ar a rannchuidiú iomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241. Leis an modhnú, leanfar de shláinte agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach na tíre a neartú, mar a thuairiscítear sa chúigiú colún. Go háirithe, má chuirtear TERVIKUM in ionad Champas Leighis Thuaisceart na hEastóine, cuideofar le hathléimneacht agus inrochtaineacht an chórais cúraim sláinte san Eastóin a fheabhsú. Maidir le gné an iompair inbhuanaithe, leanfaidh na bearta nua amhail tarbhealaí Rail Baltica a thógáil agus soitheach oibre ilfheidhmeach d'aghaidh a thabhairt ar an aistriú chuig iompar níos inbhuanaithe faoin gcolún glas agus feabhas a chur ar nascacht iompair faoin gceathrú colún maidir le comhtháthú sóisialta agus críochach ar an gcaoi chéanna leis na bearta a rinneadh roimhe seo maidir le comhchríoch ilmhódach Rail Baltica a thógáil agus cuid den iarnród siar Taillinn-Rohuküla a thógáil.

(22) Maidir leis an gcéad cholún, áirítear in RRP modhnaithe na hEastóine mar aon le caibidil REPowerEU bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ghlasa, go háirithe faoi chomhchuid 2 (Aistriú glas na bhfiontar), faoi chomhchuid 4 (Éifeachtúlacht fuinnimh), faoi chomhchuid 5 (Iompar inbhuanaithe) agus faoi chomhchuid 8 (Caibidil REPowerEU).

(23) Tugtar aghaidh ar dhúshláin ghaolmhara an aistrithe ghlais faoi infheistíocht nua 2.8 i gcomhchuid 2 arb é is aidhm di tacú le haistriú cuideachtaí tionsclaíocha ó fhuinneamh iontaise go foinsí malartacha fuinnimh. Is iad seo a leanas na foinsí i ndáil le soláthar fuinnimh malartacha incháilithe: fuinneamh gaoithe, grianfhuinneamh, bithghás inbhuanaithe agus fuinneamh geoiteirmeach, leictriú agus nasc le córais téimh ceantair éifeachtúla. Beidh tionchar dearfach ag an athrú breosla i gcomhthéacs an mhaolaithe ar an athrú aeráide, na slándála fuinnimh agus na hinacmhainneachta.

(24) Déantar iarracht thábhachtach leis an mbeart arb é is aidhm dó borradh a chur faoi fhorbairt feirmeacha gaoithe amach ón gcósta faoi chomhchuid 4 lena gcuidítear le hacmhainní fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus lena méadaítear sciar an fhuinnimh in-athnuaite i meascán fuinnimh na hEastóine ar an gcaoi sin. Cuideoidh tógáil saoráidí nua táirgthe fuinnimh in-athnuaite le haistriú chuig táirgeadh fuinnimh atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus le spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

(25) Cuidíonn na bearta iompair inbhuanaithe nua faoi chomhchuid 5 le modhanna iompair níos glaise a fhorbairt agus le sciar na modhanna iompair atá neamhdhíobhálach don aeráid a mhéadú, le cabhair ón iompar d’iarnród agus ón iompar muirí den chuid is mó. Cuideoidh tógáil cúig tharbhealach Rail Baltica le nasc nua leictrithe iarnróid a fhorbairt, agus rannchuideoidh soitheach nua ilfheidhmeach íseal-astaíochtaí, i measc úsáidí eile, le cosaint na bithéagsúlachta. Cabhróidh na hinfheistíochtaí sin leis an Eastóin aistriú chuig modhanna iompair atá níos neamhdhíobhálaí don aeráid a chothú agus rannchuidiú le hastaíochtaí a laghdú go fadtéarmach in earnáil an iompair.

(26) Rannchuidíonn na bearta i gcaibidil REPowerEU le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus leis an gcuspóir maidir le haeráidneodracht an Aontais a bhaint amach faoi 2050 mar is é is aidhm dóibh glacadh an fhuinnimh in-athnuaite a dhreasú. Níos cruinne fós, faoi chomhchuid 8 tá sé i gceist ag an Eastóin bearta a dhéanamh lena n-éascófar úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena méadófar an rochtain atá ag táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an líonra dáileacháin leictreachais agus lena méadófar táirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe. Meastar go rannchuideoidh ceithre cinn de na cúig bheart nua in RRP modhnaithe agus na trí bheart i gcaibidil REPowerEU go mór leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha

(27) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fho-thacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an Eastóin, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, cuirtear san áireamh in RRP modhnaithe an moladh tírshonracha a bhaineann le fuinneamh ó 2022.

(28) Áirítear le RRP modhnaithe sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tír-shonracha a dhírigh an Chomhairle ar an Eastóin i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh in 2022. Go háirithe maidir leis an bhfuinneamh, mhol an Chomhairle an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú, agus allmhairí na mbreoslaí iontaise a éagsúlú trí dhlús a chur le húsáid na bhfoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear trí nósanna imeachta um cheadúnú a chuíchóiriú a thuilleadh, acmhainneacht leordhóthanach na n-idirnasc a áirithiú, agus an eangach leictreachais náisiúnta a neartú. Is é is aidhm do na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe nua an tsldándáil fuinnimh a mhéadú, cur in úsáid gaoithe amach ón gcósta a éascú, an acmhainneacht sa líonra dáileacháin a mhéadú, nósanna imeachta ceadaithe do thionscadail fuinnimh in-athnuaite a chuíchóiriú agus táirgeadh agus úsáid bithmheatáin inbhuanaithe a spreagadh. Mar thoradh air sin, ba cheart go gcuideodh na bearta leis an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh mar a moladh don Eastóin sna moltaí tírshonracha ó 2022. Le RRP modhnaithe, méadaíodh an uaillmhian maidir le spriocanna níos airde a bhaint amach maidir le hinfheistíocht a dhéanamh in athchóiriú ar fhoirgnimh bheaga chónaithe agus maidir le teicneolaíochtaí glasa atá tíosach ar acmhainní a chur in úsáid i gcomhréir leis an moladh tír-shonrach ó 2022. Tá an Eastóin ag tabhairt aghaidh freisin ar na dúshláin a bhaineann le hallmhairí breoslaí iontaise a éagsúlú agus acmhainneacht leordhóthanach idirnaisc a áirithiú gan acmhainní ó RRP. Maidir le héagsúlú allmhairí breoslaí iontaise, chuir iarrachtaí na hEastóine ar a cumas stad de ghás Rúiseach a cheannach trí chomhoibriú, mar shampla, leis an bhFionlainn chun aonad stórála agus athghásaithe snámhach a chur i bhfeidhm.

Maidir leis an acmhainneacht idirnaisc, leanann an Eastóin dá hiarrachtaí a líonra leictreachais a shioncrónú le líonra leictreachais an Aontais. Cuirfear feabhas ar inbhuanaitheacht an chórais iompair trí infheistíocht a dhéanamh i dtarbhealaí Rail Baltica agus trí shoitheach ilfheidhmeach i gcomhréir leis an moladh tír-shonrach ó 2022 maidir le hiompar astaíochtaí ísle. Cuirfidh tógáil TERVIKUM (ionad sláinte nua i gcathair Viljandi) soláthar seirbhísí sláinte agus sóisialta chun cinn ar bhealach comhtháite. Cuideoidh sé sin le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tír-shonracha maidir le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí sláinte agus sóisialta ar bhealach comhtháite.

(29) Is é RRP is bonn d’athchóirithe breise sna hearnálacha sóisialta agus cúraim sláinte chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair sláinte, chun feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim fhadtéarmaigh agus ar an rochtain ar an gcúram sin do gach duine a bhfuil riachtanais chúraim acu, chun cumhdach sochar dífhostaíochta a leathnú agus chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú, go háirithe trí thrédhearcacht pá a mhéadú. Ba bearta a áirítear in RRP chun aghaidh a thabhairt ar dhícharbónú an gheilleagair, baineann siad le hinfheistíochtaí den chuid is mó. Ó thaobh athchóirithe de, meastar nach leagfar amach na gníomhaíochtaí nithiúla chun sceall ola a chéimniú amach i bPlean Forbartha Náisiúnta na hEarnála Fuinnimh go dtí deireadh 2025.

(30) Na moltaí a bhaineann lena áirithiú go bhfuil fás an chaiteachais reatha a mhaoinítear go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais, agus tacaíocht shealadach spriocdhírithe leanúnach á cur san áireamh do theaghlaigh agus do ghnólachtaí is leochailí i leith arduithe ar phraghsanna fuinnimh agus do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin, measfar iad a bheith lasmuigh de raon feidhme RRP na hEastóine, d'ainneoin go meastar go leanfaidh an Eastóin den tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid in 2023 chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

(31) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheoidh le RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU nach ndéanfaidh aon bheart maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear in RRP sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil (Rátáil A) de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

---

[1] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

(32) Déantar measúnú in RRP modhnaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach sa treoir theicniúil dá bhforáiltear san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoir theicniúil maidir le cur i bhfeidhm "gan dochar suntasach a dhéanamh" faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta'[1],. Déantar an measúnú go córasach le haghaidh gach athchóiriú agus infheistíocht mhodhnaithe de réir an chur chuige dhá chéim. Is é conclúid an mheasúnaithe nach bhfuil aon riosca ann go ndéanfar dochar suntasach i gcás gach beart modhnaithe nó, i gcás ina sainaithnítear riosca, déantar measúnú níos mionsonraithe lena léirítear nach ndearnadh dochar suntasach. Tá tuairisc tugtha ag an Eastóin ar an measúnú mionsonraithe ar na bearta nua, lena n-áirítear iad siúd atá i gcaibidil REPowerEU. Níor éilíodh le ceann ar bith de na bearta i gcaibidil REPowerEU go ndéanfaí maolú ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. I gcás inar gá, tá ceanglais mheasúnú 'gan dochar suntasach a dhéanamh' cumhdaithe i ndearadh birt agus sonraítear iad i ngarsprioc nó i sprioc de chuid an bhirt seo. Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid nach ndéanann aon bheart dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU

(33) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

---

[1] IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

(34) Meastar go rannchuideoidh cur chun feidhme na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU go háirithe le tacú leis na cuspóirí in Airteagal 21c(3), pointí (b) agus (e), de Rialachán (AE) 2021/241. Rannchuidíonn athchóiriú ar cheadú tionscadal fuinnimh in-athnuaite agus beart maidir le bithmheatán inbhuanaithe le cuspóir 21(c)(3), pointe (b), den Rialachán sin, is é sin, éagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais trí sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur lena chur in úsáid agus trí tháirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú. Leis an infheistíocht sa líonra leictreachais, tugtar aghaidh ar chuspóir 21c(3), pointe (e), den Rialachán sin, is é sin, maidir leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030 trí tharchur inmheánach a fheabhsú agus trí scrogaill dáileacháin a bhaint agus trí dhlús a chur le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh.

(35) Tá bearta REPowerEU i gcomhréir le creat beartais na hEastóine arb é is aidhm dó astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Ina theannta sin, treisíonn na bearta na bearta sin atá in RRP bunaidh maidir le stóráil fuinnimh, lena neartaítear an líonra leictreachais agus lena gcuirtear fuinneamh in-athnuaite chun cinn i réimsí tionsclaíocha ós rud é go mbeidh sciartha fuinnimh in-athnuaite mar thoradh orthu ar deireadh.

(36) Dá bhrí sin, leagtar béim an-láidir i mbearta REPowerEU ar úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus ar a gcomhtháthú sa líonra leictreachais, rud a chuirfidh ar chumas na hEastóine sciar na bhfoinsí fuinnimh intíre ina meascán fuinnimh a mhéadú. Laghdóidh sé sin an gá atá le foinsí breosla a allmhairiú agus, dá bhrí sin, méadófar slándáil fuinnimh na tíre.

Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo

(37) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta mór (Rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Laistigh de bhrí Rialachán (AE) 2021/241 leasaithe, baineann gné nó éifeacht trastíre nó ilnáisiúnta le gach ceann de na trí bheart i gcaibidil REPowerEU agus, dá bhrí sin, le 100 % de na costais a mheastar a bheidh léi. Rannchuideoidh na bearta i gcaibidil REPowerEU go díreach le foinsí in-athnuaite fuinnimh a tháirgeadh agus a chomhtháthú sa líonra. Mar thoradh air sin, rannchuideoidh siad leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus, dá bhrí sin, meastar go bhfuil tionchar dearfach trasteorann acu, mar a bhunaítear i dtreoraíocht an Choimisiúin i gcomhthéacs REPowerEU.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

(38) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta in RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU a rannchuidíonn cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, tá suim airgid ag gabháil leo is ionann agus 59.4 % de leithdháileadh iomlán RRP agus 77.6 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(39) Sa bhreis ar na bearta sna comhchodanna maidir le haistriú glas na bhfiontar, fuinneamh agus éifeachtúlacht fuinnimh agus iompar inbhuanaithe a áirítear in RRP bunaidh na hEastóine, leathnaíonn RRP modhnaithe bearta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, stóráil fuinnimh agus treisiú an ghréasáin leictreachais. Leis na bearta nua, cuireann an Eastóin béim ar dheireadh a chur le bacainní ar chur in úsáid fuinnimh gaoithe agus tugann sí dreasachtaí do chuideachtaí glacadh le foinsí fuinnimh in-athnuaite. Tugtar tús áite freisin don bhithéagsúlacht trí infheistíocht i soitheach rialaithe truaillithe ilfheidhmeach, rud nár cumhdaíodh go sainráite in RRP bunaidh.

(40) Maidir le rannchuidiú na mbeart i gcaibidil REPowerEU in RRP na hEastóine le spriocanna aeráide 2030 a bhaint amach agus leis an gcuspóir maidir le haeráidneodracht an Aontais a bhaint amach faoi 2050 toisc go bhfuil sé mar aidhm leo glacadh fuinnimh in-athnuaite a dhreasú níos leithne ar thaobh amháin agus táirgeadh bithgháis inbhuanaithe agus bithmheatáin inbhuanaithe na n-acmhainní áitiúla a fhorbairt go sonrach ar an taobh eile. Níos cruinne fós, faoi chomhchuid 8 tá sé beartaithe ag an Eastóin bearta a dhéanamh lena n-éascófar úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena méadófar an rochtain atá ag táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an líonra dáileacháin leictreachais agus lena méadófar táirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

---

[1] Treoir AE 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

(41) Beidh tionchar buan ag na bearta sin trí dhlús a chur le céimniú amach breoslaí iontaise i dtreo córas inmharthana fuinnimh in-athnuaite san Eastóin. Laghdóidh siad go mór déine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear san Eastóin agus tríd an méid sin cuideoidh siad le spriocanna aeráide 2030 agus leis an gcuspóir go mbeidh an tAontas aeráidneodrach faoi 2050 a bhaint amach.

(42) I bhfianaise an laghdaithe ar ranníocaíocht airgeadais uasta RRP na hEastóine agus bearta nua lena spreagtar an t-aistriú glas sa phlean, tá ranníocaíocht aeráide RRP méadaithe ó 41.5 % go 59.4 %.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

(43) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta in RRP a rannchuidíonn cuid mhór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb ionann í agus 24.1 % de leithdháileadh iomlán RRP mhodhnaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(44) Tá an measúnú dearfach ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach dá bhforáiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 fós bailí. Is éard atá i gceist le RRP modhnaithe modhnuithe beaga ar cheithre bheart maidir leis an aistriú digiteach agus níl bearta nua a rannchuidíonn leis an aistriú digiteach san áireamh ann.

(45) I bhfianaise an laghdaithe ar ranníocaíocht uasta airgeadais RRP na hEastóine, tháinig méadú ar ranníocaíocht dhigiteach RRP ó 21.5 % go 24.1 %, gan caibidil REPowerEU a áireamh i gcomhréir le hAirteagal 21c(5).

Faireachán agus cur chun feidhme

(46) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe in RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach RRP a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(47) Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar RRP na hEastóine ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach RRP. Tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta modhnaithe, lena n-áirítear iad siúd atá i gcaibidil REPowerEU, soiléir agus réalaíoch agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir.

Costáil

(48) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an réasúnú a thugtar in RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann le RRP, tá an réasúnú sin meánach maidir lena réasúnta agus a shochreidte atá sé (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(49) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin chostais ar infheistíochtaí nua agus ar bhearta REPowerEU go bhfuil an chuid is mó de na costais réasúnta agus inchreidte cé go léiríonn an fhianaise leibhéil éagsúla sonraí agus doimhneachta na ríomhanna. I gcásanna áirithe, is teoranta a bhí na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin chostais a dhéanamh, i bpáirt mar gheall ar úrnuacht na mbeart, rud a chuireann bac ar rátáil A faoin gcritéar measúnaithe sin. Ina theannta sin, bhí údar cuí leis na hathruithe sna meastacháin chostais le haghaidh bearta leasaithe agus bhí siad comhréireach agus dá bhrí sin níor athraíodh réasúnaíocht agus inchreidteacht na meastachán costais sin i gcomparáid le RRP bunaidh. Ar deireadh, tá costais iomlána measta an RRP mhodhnaithe i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá siad i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

Comhleanúnachas RRP

(50) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear go measartha (Rátáil B) in RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe struchtúracha agus tionscadal infheistíochta poiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(51) Léirítear sna modhnuithe ar RRP comhleanúnachas laistigh de gach comhchuid agus taispeántar idirnaisc théamacha agus sineirgí idir na comhchodanna éagsúla, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an aistriú glas agus caibidil REPowerEU a cuireadh leis. Leis na bearta atá i gcaibidil REPowerEU, cuireadh feabhas breise ar chomhleanúnachas trí na bearta a threisiú in RRP bunaidh maidir le stóráil fuinnimh, tríd an líonra leictreachais a neartú agus trí fhuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn i réimsí tionsclaíocha. Go háirithe, is éard atá i mbearta REPowerEU athchóiriú agus infheistíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo táirgeadh agus comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú. Tá síneadh suntasach curtha freisin leis an mbeart chun tacú le hathchóirithe atá tíosach ar fhuinneamh in áiteanna cónaithe príobháideacha i gcomparáid leis RRP bunaidh. Tá dlúthnasc idir an infheistíocht nua chun borradh a chur faoi fhorbairt gaoithe amach ón gcósta agus na bearta atá ann cheana chun sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus ba cheart deireadh a chur leis na srianta airde ar thuirbíní gaoithe i Murascaill Ríge agus sna trí oileán, rud lenar féidir leas a bhaint as an acmhainneacht gaoithe amach ón gcósta atá ag an Eastóin. Áirithítear leis an infheistíocht nua i mbonneagar sláinte go n-áirithítear rochtain níos fearr ar chúram sláinte, mar a bheartaítear in RRP bunaidh. Ag an am céanna, níor tugadh aghaidh ar roinnt de na teorainneacha a bhaineann le comhleanúnachas RRP bhunaidh. Ar an iomlán, tá an plean modhnaithe níos láidre ó thaobh infheistíochtaí de ná ó thaobh athchóirithe de agus níor neartaíodh gné shóisialta RRP. Ní áirítear gníomhaíochtaí nithiúla chun sceall ola a chéimniú amach in RRP agus meastar nach leagfar amach iad ach i bPlean Forbartha Náisiúnta na hEarnála Fuinnimh ag deireadh 2025 agus níor cuireadh isteach athchóirithe níos leithne, amhail cánachas glas.

Aon chritéir mheasúnaithe eile

(52) Measann an Coimisiún nach ndéanann na modhnuithe a chuir an Eastóin chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar RRP a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas RRP i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (c), (g) agus (j).

An próiseas comhairliúcháin

(53) Le linn ullmhú RRP mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, bhain an Eastóin tairbhe as tacaíocht trí Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (teideal an tionscadail 'Tacaíocht do REPowerEU'). I gcomhthéacs ullmhú na tuarascála, lenar cuireadh ionchur ar fáil don dearadh ar bhearta faoi REPowerEU, bhí páirtithe leasmhara rannpháirteach ar bhealach cuimsitheach.

(54) I gcur chun feidhme RRP mhodhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, téitear i gcomhairle le páirtithe leasmhara maidir le glacadh na ngníomhartha cur chun feidhme ábhartha le haghaidh gach birt agus tugtar nuashonrú rialta dóibh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme RRP ag an ócáid bhliantúil maidir le cur chun feidhme RRP na hEastóine. Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá in RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

---

[1] Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

Measúnú dearfach

(55) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir le RRP lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart go leagfaí amach sa Chinneadh na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme RRP mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

Ranníocaíocht airgeadais

(56) Is é EUR 953 330 000 costas measta iomlán RRP modhnaithe na hEastóine lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta RRP mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Eastóin, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 arna leithdháileadh do RRP modhnaithe na hEastóine lena n-áirítear caibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do RRP modhnaithe na hEastóine lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Is ionann an méid sin agus EUR 953 184 800.

(57) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 28 Feabhra 2023 chuir an Eastóin iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a(1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 90 040 000 costas measta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f), de Rialachán (AE) 2021/241 a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Eastóin, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Eastóin cothrom leis an sciar leithdháilte. Is ionann an méid sin agus EUR 83 297 553.

(58) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], an 28 Feabhra 2023 chuir an Eastóin iarraidh réasúnaithe isteach chun a leithdháileadh sealadach uile a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, arb ionann é agus EUR 6 615 616. Ba cheart an méid sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise.

(59) Ba cheart ranníocaíocht airgeadais iomlán de EUR 953 184 800 a bheith ar fáil don Eastóin.

[1] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, p. 1).

Réamh-mhaoiniú REPowerEU

(60) D'iarr an Eastóin an cistiú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: aistriú EUR 6 615 616 ón leithdháileadh sealadach ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus EUR 83 297 553 ón ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(61) I gcás na méideanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 9 Márta 2023 d'iarr an Eastóin réamh-mhaoiniú 20 % den chistiú a iarradh. Faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Eastóin faoi réir theacht i bhfeidhm, agus de réir, comhaontú atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Eastóir de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241.

(62) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú go hiomlán.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

*Airteagal 1*

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar RRP na hEastóine, leasaítear é mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar RRP*

Formheastar an measúnú ar RRP modhnaithe na hEastóine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoi RRP, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar RRP agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garscpriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Eastóin i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í agus EUR 953 184 800*. Áirítear ar an rannchuidiú sin:

1. beidh suim EUR 759 545 893 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

2. beidh suim eile EUR 103 725 738 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

3. suim EUR 83 297 553**, i gcomhréir le hAirteagal 21d(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointe (a);

4. suim EUR 6 615 616, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Eastóin i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 126 008 898 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Cuirfear suim EUR 17 982 634 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.';

---

* Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hEastóine de speansais dá dtagraítear Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.

** Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hEastóine de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint.

(3) cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na hEastóine.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*